**LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH

**Comórtas oscailte le haghaidh ceapadh chuig post an Dlíodóra Dlíthíochta Shinsearaigh**

**Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéal)**

**sa**

**Choimisiún um Chosaint Sonraí**

**Dáta Deiridh: 12 p.m. (meán lae), an 24 Meitheamh 2026.**

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

Seolfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an feachtas seo de réir an Chóid Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí cóid chleachtais agus bíonn siad ar fáil ar www.cpsa.ie

---

**Teagmháil: dpcjobs@rsmireland.ie**
**DAOINE AGUS FOGHLAIM**
**An Coimisiún um Chosaint Sonraí,**
**6 Rae Pheambróg,**
**Baile Átha Cliath 2**
**GACH FIOSRÚ LE SEOLADH LE RÍOMHPHOST AMHÁIN CHUIG dpcjobs@rsmireland.ie**

Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach (Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéal)) sa Choimisiún um Chosaint Sonraí

**Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach**
**Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéal)**
**sa**
**Choimisiún um Chosaint Sonraí**

## I mBeagán Focal

Is deis uathúil an-spéisiúil é seo chun dul isteach sa Choimisiún um Chosaint Sonraí i sainról dlíthíochta sinsearach. Imreoidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach ról lárnach laistigh de cheann amháin de na rialálaithe cosanta sonraí is feiceálaí agus is gníomhaí san Eoraip, ag oibriú dó/di i gcroílár dlíthíochta ardphróifíle, ar dlíthíocht í a bhíonn casta go minic, a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Tabharfaidh an ról an deis chun rannchuidiú le dlíthíocht shuntasach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an dlí cosanta sonraí in Éirinn a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú.

Tuairisceoidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach go díreach don Stiúrthóir Gnóthaí Dlí ar dtús, agus cabhróidh sé/sí le nithe dlíthíochta a chur ar aghaidh i gcomhréir le creat rialachais agus cinnteoireachta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, á chinntiú go mbeidh an straitéis dlí agus príomh-shaincheisteanna dlí ag teacht le treo foriomlán na heagraíochta. Is é a bheidh i gceist leis an ról freisin ionchur dlí sinsearach a sholáthar maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus maidir le cinnteoireacht rialála, lena n-áirítear i gcás go mbeidh dlíthíocht ar siúl nó go mbeifear ag coinne léi le réasún. Mar sin, pléifidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach le raon leathan saincheisteanna substainteacha cosanta sonraí, ceisteanna casta dlí phoiblí agus nithe núíosacha dlí a thagann chun cinn i dtimpeallacht mhearathraitheach rialála.

Cuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí shubstaintiúil dlíthíochta acu a chomhlíonann na ceanglais íosta don ról agus ar spéis leo a gcuid saineolais a sholáthar ar leibhéal sinsearach laistigh d’eagraíocht ardtionchair san earnáil phoiblí.

## Obair ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

Tugann an Coimisiún um Chosaint Sonraí tús áite dá fhostaithe. Mar chomhlacht atá aitheanta ag rialtas na hÉireann agus ag an gCoimisiún Eorpach mar cheann a bhfuil ríthábhacht straitéiseach leis, féachann an Coimisiún um Chosaint Sonraí le gairmithe den chéad scoth a mhealladh agus a choinneáil i margadh saothair a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí. Cothaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí áit oibre atá nuálach agus réamhbhreathnaitheach agus ina n-urramaítear comhionannas agus éagsúlacht, agus tá sé tiomanta d’fhorbairt leanúnach a chuid ball foirne, do sheasamh le luachanna inmheánacha láidre, agus do na hoibleagáidí suntasacha dlíthiúla agus reachtúla atá air a chomhlíonadh.

De bhreis ar ról spreagúil crua, is iad seo a leanas roinnt de na tairbhí a thairgeann an Coimisiún um Chosaint Sonraí:

- Tuarastal iomaíoch, a thosaíonn ag **€90,326**, ar aon dul le scála tuarastail an Phríomhoifigigh Cúnta (Ardleibhéal), agus breisíochtaí bliantúla atá faoi réir feidhmíocht shásúil ann
- Pinsean Earnála Poiblí

- 30 lá de shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana
- Rochtain ar thionscnaimh agus beartais éagsúla áit oibre a éascaíonn dea-chothromaíocht oibre is saoil agus a thacaíonn leis an teaghlach
- Samhail oibre cumaisc
- Deiseanna foghlama agus forbartha, lena n-áirítear rochtain ar scéim aisíocaíochta táillí cúrsa, ar shaoire staidéir íoctha agus ar shaoire scrúdaithe íoctha do chúrsaí ábhartha staidéir
- Áitreabh gnó nua-aimseartha ardchaighdeáin, atá saindeartha agus feistithe chun tacú le riachtanais ghnó an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus a bhall foirne
- An scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Pas iompair phoiblí coigilteora cánach
- Deiseanna tráthrialta le haghaidh dul chun cinn trí chomórtais idir-rannacha oscailte atá teoranta don Státseirbhís
- Deiseanna le haghaidh sosanna gairme, faoi réir an tseirbhís riachtanach a chur i gcrích

Tá folúntas ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí faoi láthair le haghaidh ról an Dlíodóra Dlíthíochta Shinsearaigh, ar ról é atá dlíthíochtbhunaithe agus atá difriúil le poist rialála chomhairleacha shinsearacha laistigh den eagraíocht. Cé go bhfuil taithí roimhe ar an dlí cosanta sonraí inmhianaithe, níl sí bunriachtanach. Cuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí ardchaighdeáin a bhfuil taithí shubstaintiúil dlíthíochta acu a bhaineann leis an ról.

Tá sé beartaithe painéal a chruthú de bhun an chomórtais seo, ar painéal é ar féidir go ndéanfar ceapacháin uaidh chuig an bhfolúntas láithreach laistigh den Aonad Dlí agus chuig róil dlíthíochta shinsearacha eile ar fud na heagraíochta, i gcás go dtiocfaidh tuilleadh folúntas chun cinn. Tá an folúntas tosaigh san Aonad Dlí lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is chuig róil i mBaile Átha Cliath, i gCúil an tSúdaire nó i cibé láithreacha eile a ainmneofar a dhéanfar aon cheapacháin amach anseo ón bpainéal, ag brath ar riachtanais ghnó an róil lena mbaineann.

Beidh an painéal sin bailí ar feadh tréimhse 18 mí tar éis dháta a bhunaithe, ach amháin i gcás go n-ídeofar é níos luaithe ná sin.

Ní ghabhann le ról ar an bpainéal aon cheart chun ceapacháin. I gcás iarrthóirí nach mbeidh ceaptha sula rachaidh an painéal in éag nó sula n-ídeofar é, ní bheidh aon teidlíocht i leith ceapacháin acu ina dhiaidh sin.

## <u>Cúlra</u>

Leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud a ndearnadh dlí de an 25 Bealtaine 2018, bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar údarás maoirseachta neamhspleách na hÉireann chun críche an Rialacháin Ghinearálta ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí freagrach as faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an dlí cosanta sonraí in Éirinn agus as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta.

Ó theacht i bhfeidhm RGCS, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag imirt ról lárnach ceannródaíoch maidir le forfheidhmiú an dlí cosanta sonraí ar fud na hEorpa. Rud sonrach, gníomhaíonn sé mar Phríomhúdarás Maoirseachta do líon suntasach cuideachtaí móra

ilnáisiúnta teicneolaíochta agus ardáin Idirlín a bhfuil a gceanncheathrú san Eoraip lonnaithe in Éirinn. Mar sin, is minic a bhíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí i gcroílár gníomhaíochta casta ardphróifíle rialála agus forfheidhmiúcháin a mbíonn impleachtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta ag baint léi.

Áirítear iad seo a leanas le croífheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin um Chosaint Sonraí faoi RGCS agus faoin **Acht um Chosaint Sonraí, 2018**, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta do RGCS in Éirinn:

- feabhas a bhrú chun cinn ar chomhlíonadh na reachtaíochta cosanta sonraí ag rialaitheoirí sonraí agus ag próiseálaithe sonraí,
- gearáin ó dhaoine aonair a bhaineann le sárú féideartha ar a gcearta cosanta sonraí a láimhseáil,
- fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar an reachtaíocht cosanta sonraí,
- feasacht a mhéadú i measc eagraíochtaí agus an phobail ar na cearta, na hoibleagáidí agus na coimircí cosanta sonraí atá ann; agus
- obair i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta eile ar fud an Aontais Eorpaigh faoi shásraí comhair agus comhsheasmhachta RGCS, go háirithe i gcásanna trasteorann.

I dteannta an róil atá aige faoi RGCS, gníomhaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar údarás maoirseachta faoi roinnt creataí dlíthiúla eile, lena n-áirítear an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, an reachtaíocht um ríomh-Phríobháideachas, an reachtaíocht earnála iomchuí, agus na córais cosanta sonraí oidhreachta is infheidhme maidir le próiseáil a rinneadh roimh an 25 Bealtaine 2018 faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Rialálann an Coimisiún um Chosaint Sonraí an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon.

Leanann an tírdhreach rialála ina n-oibríonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí le hathrú go mear. Sainaithníodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar cheann amháin de roinnt gníomhaireachtaí um chearta bunúsacha faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga ón Aontas Eorpach, agus ainmníodh é mar údarás faireachais margaidh do chórais áirithe ardriosca agus do chleachtais áirithe thoirmiscthe i réimse na hintleachta saorga.

Ina theannta sin, déanann an Coimisiún um Chosaint Sonraí caidreamh, agus oibríonn sé i gcomhar, le rialálaithe digiteacha eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Ghnímh um Margaí Digiteacha agus an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, rud a mhéadaíonn arís eile castacht agus tábhacht dhlíthiúil a chuid oibre.

**<u>Comhthéacs maidir le hobair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí</u>**

Mar thoradh ar RGCS, leathnaíodh go mór na hoibleagáidí rialála atá ar eagraíochtaí agus neartaíodh na cearta atá ag daoine aonair, le tacaíocht ó chumhachtaí breisithe forfheidhmiúcháin a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta. Áirítear leis na cumhachtaí sin an cumas chun fíneálacha riaracháin is fiú suas le €20 milliún nó le 4% de láimhdeachas bliantúil domhanda (cibé acu is airde) a fhorchur, a ordú go scoirfí de ghníomhaíochtaí próiseála nó go gcuirfí srian orthu, agus a ordú go ndéanfaí bearta ceartaitheacha chun próiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht.

Mar thoradh ar fheidhmiú na gcumhachtaí sin, tháinig méadú ar an líon imeachtaí dlíthíochta

agus cúirte lena mbaineann an Coimisiún um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, achomhairc reachtúla, agus iarratais núíosacha chuig an Ard-Chúirt faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018. I gcás cuid mhór de na cásanna sin, bíonn siad casta ó thaobh an dlí de, bíonn ardluach orthu agus bíonn ardphróifíl ag baint leo, agus is minic a bhíonn ceisteanna núíosacha a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh, leis an dlí poiblí agus le nós imeachta rialála i gceist leo. Ag gníomhú dó mar Phríomhúdarás Maoirseachta do chuid mhór eagraíochtaí móra ilnáisiúnta, is minic a bhíonn impleachtaí ag na cinntí forfheidhmiúcháin ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí lasmuigh d'Éirinn, agus bíonn siad faoi réir dian-ghrinnscrúdú dlí.

Is é atá i gceist le cuid mhór d'obair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ná rialáil atá bunaithe ar phrionsabail a chur i bhfeidhm i réimsí ina mbíonn an dlí-eolaíocht ag forbairt i gcónaí. Fágann sé sin go bhfuil ról ceannródaíoch ag an eagraíocht ó thaobh socrú clár oibre de, áit a n-imríonn dlíthíocht ról ríthábhachtach maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an dlí cosanta sonraí a mhúnlú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

Sa chomhthéacs sin, oibríonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí i dtimpeallacht chasta rialála i gcomhar le rialálaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta eile, an Coimisiún Eorpach ina measc, agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil a ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin láidir ó thaobh an dlí de, go bhfuil sí fónta ó thaobh nós imeachta de agus go bhfuil sí in ann agóidí os comhair na gcúirteanna a sheasamh.

Is deis chorraitheach é seo chun dul isteach sa Choimisiún um Chosaint Sonraí ar leibhéal sinsearach i ról dlíthíochtbhunaithe agus chun rannchuidiú go díreach le bainistiú agus seoladh imeachtaí suntasacha cúirte a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Oibreoidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach i dtimpeallacht ardphróifíle a bhíonn ag gluaiseacht go tapa, agus é/í ag déileáil le saincheisteanna casta dlí, ar saincheisteanna núíosacha iad go minic, a chuimsíonn cosaint sonraí, dlíthe poiblí agus rialáil dhigiteach.

Cé go bhfuil taithí roimhe ar an dlí cosanta sonraí inmhianaithe, níl sí bunriachtanach. Cuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí ardchaighdeáin a bhfuil taithí shubstaintiúil ábhartha dlíthíochta acu agus ar spéis leo a saineolas a chur i bhfeidhm laistigh d'eagraíocht dhinimiciúil san earnáil phoiblí a bhfuil sainchúram suntasach náisiúnta agus Eorpach uirthi.

## **An Ról**

Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar mhéid agus castacht na dlíthíochta lena mbaineann an Coimisiún um Chosaint Sonraí, rud ar léiriú é ar raon feidhme méadaitheach an dlí cosanta sonraí, ar an timpeallacht rialála a bhíonn ag athrú, agus ar an ardphróifíl a ghabhann le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Is gá Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach a cheapadh chun a chinntiú go sealbhóidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí an saineolas agus an taithí inmheánach is gá chun dlíthíocht a bhainistiú go héifeachtach agus chun feidhmeanna rialála agus forfheidhmiúcháin na heagraíochta a choimirciú.

Sainról sinsearach laistigh d'Aonad Dlí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí is ea ról an Dlíodóra Dlíthíochta Shinsearaigh, a bheidh freagrach as dlíthíocht chasta atá os comhair na nUaschúirteanna a bhainistiú agus a chur ar aghaidh a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin a chur i gcrích. Is faoi stiúir fhoriomlán an Stiúrthóra Gnóthaí Dlí a oibreoidh an Dlíodóir Dlíthíochta

Sinsearach.

Bainisteoidh an sealbhóir poist nithe dlíthíochta ardriosca agus ardphróifíle thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, achomhairc reachtúla, agus dlíthíocht eile a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin.  Agus an méid sin á dhéanamh aige/aici, rannchuideoidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach le straitéis dlíthíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le creat rialachais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus faoi threoir an Stiúrthóra Gnóthaí Dlí agus ar mhodh a bheidh ag teacht le cuspóirí rialála agus oibleagáidí dlí phoiblí an Choimisiúin.

De bhreis ar an sainchúram dlíthíochta sin, rannchuideoidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach le hobair chomhairleach dlí ardleibhéil ar fud na heagraíochta, mar gheall ar shinsearacht an róil agus ar chineál comhtháite fheidhmeanna dlí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Áireofar leis sin comhairle a thabhairt maidir leis an straitéis forfheidhmiúcháin, leis an gcinnteoireacht rialála agus leis an riosca dlíthiúil a bhaineann le nithe casta nó núíosacha, go háirithe i gcás go dtiocfaidh tosca dlíthíochta chun cinn nó gur dóigh dóibh teacht chun cinn.

**An Ról a Shuí**

Tá an ról seo suite ar leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta (Ardleibhéal) mar gheall ar an gcastacht, ar an riosca agus ar an gcuntasacht a bhaineann leis an dlíthíocht a dhéantar thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Gníomhóidh an Dlíodóir Dlíthíochta Sinsearach mar speisialtóir dlíthíochta sinsearach agus mar phointe géaraithe laistigh den Aonad Dlí, agus é/í ag tabhairt ionchur maidir leis an straitéis dlíthíochta agus ag déanamh caidreamh le comhairleoirí dlí seachtracha thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Tá méid suntasach breithiúnais ghairmiúil, neamhspleáchais ghairmiúil agus freagrachta gairmiúla i gceist leis an ról, lena n-áirítear cinnteoireacht i gcomhthéacsanna atá criticiúil ó thaobh ama agus a bhfuil ardriosca ag baint leo.

Cé go bhfuil an ról dírithe ar dhlíthíocht, oibreoidh an sealbhóir poist laistigh de mhórthimpeallacht dlí agus rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, agus beifear ag súil leis go ndéanfaidh sé/sí caidreamh cuiditheach le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear foirne rialála, imscrúdaitheacha agus beartais. Gné thábhachtach den ról is ea an cumas chun tosca dlíthíochta a aistriú ina gcomhairle phraiticiúil rialála, agus cinntíonn an cumas sin go mbainistítear riosca dlíthiúil go cuí ar feadh shaolré na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin.

**Comhthéacs laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí**

Sainról sinsearach laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí is ea ról an Dlíodóra Dlíthíochta Shinsearaigh, atá á bhunú go príomha chun cur leis an gcumas atá ag an eagraíocht dlíthíocht chasta a bhainistiú a eascraíonn as na feidhmeanna reachtúla atá aige a chur i gcrích. Cé gur laistigh den Aonad Dlí a thagann an folúntas láithreach a bhaineann leis an gcomórtas seo chun cinn, is é is aidhm don chomórtas ná painéal a bhunú ar féidir go ndéanfar ceapacháin uaidh chuig róil dlíthíochta shinsearacha agus, i gcás gur cuí, chuig róil dlí chomhairleacha shinsearacha ar fud na heagraíochta, de réir mar a thagann riachtanais ghnó chun cinn.

Oibreoidh an sealbhóir poist ar leibhéal eagraíochtúil, agus é/í ag tabhairt ceannaireacht agus saineolas maidir le dlíthíocht agus maidir leis an riosca dlíthiúil a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Áirítear leis sin obair go dlúth le comhghleacaithe sinsearacha ar fud foirne rialála, imscrúdaitheacha, forfheidhmiúcháin agus beartais chun a chinntiú go gcomhtháthaítear nithe dlíthíochta isteach go cuí sa straitéis cinnteoireachta agus forfheidhmiúcháin. Tagann na gnéithe

comhairleacha den ról chun cinn go príomha chun tacú leis an bhfeidhm dlíthíochta sin, go háirithe maidir le nithe casta nó núíosacha ar ina leith atá dlíthíocht ar siúl nó atáthar ag coinne léi le réasún, agus chun tacú le bainistiú foriomlán an riosca dhlíthiúil ar fud an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Tá bunú an phainéil seo ina léiriú ar an ngá atá ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí le rochtain a bheith aige i gcónaí ar shaineolas dlí sinsearach ag a bhfuil taithí shubstaintiúil inléirithe dlíthíochta os comhair na nUaschúirteanna, ar saineolas é is féidir a imscaradh go solúbtha chun aghaidh a thabhairt ar imeachtaí cúirte ardriosca agus ar ghníomhaíocht ghaolmhar forfheidhmiúcháin. Beidh aon cheapacháin a dhéanfar ón bpainéal ina léiriú ar an tsinsearacht, an saineolas agus an taithí fhairsing a theastaíonn ar leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta (Ardleibhéal), agus beidh siad ar aon dul le tosaíochtaí na heagraíochta tráth an cheapacháin.

**<u>Príomhdhualgais</u>**

Áireofar iad seo a leanas le dualgais an Dlíodóra Dlíthíochta Shinsearaigh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

### Dlíthíocht

- I gcomhairle leis an Stiúrthóir Gnóthaí Dlí, le geallsealbhóirí inmheánacha eile, le comhairleoirí dlí seachtracha agus le hAbhcóidí, de réir mar is cuí, dlíthíocht chasta a threorú agus a bhainistiú thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, achomhairc reachtúla, agus dlíthíocht eile a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin a chur i gcrích.
- Gníomhú mar speisialtóir dlíthíochta sinsearach don eagraíocht, rannchuidiú leis an straitéis dlíthíochta, agus comhairle a thabhairt ina leith, riosca dlíthíochta a bhainistiú, agus a chinntiú go gcuirtear imeachtaí ar aghaidh go héifeachtach, go héifeachtúil agus i gcomhréir le creat rialachais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus leis na hoibleagáidí atá air faoin dlí poiblí.
- Príomhfhreagracht a ghlacadh as gnáthbhainistiú laethúil comhad dlíthíochta, lena n-áirítear cabhrú le pléadálacha, mionnscríbhinní, aighneachtaí agus doiciméid eile chúirte a ullmhú agus a fhormhaoirsiú, agus as a chinntiú go gcomhlíontar treoracha ón gcúirt agus ceanglais nós imeachta.
- Treoir a thabhairt do chomhairleoirí dlí seachtracha agus d'Abhcóidí, agus idirchaidreamh a dhéanamh leo, de réir mar is gá, lena n-áirítear rannchuidiú le treo straitéiseach na n-imeachtaí agus bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh le soláthraithe seachtracha seirbhísí dlí i gcomhréir leis an straitéis chomhaontaithe dlíthíochta agus leis na socruithe comhaontaithe rialachais.
- Comhairle a thabhairt don lucht ardbhainistíochta maidir le nithe dlíthíochta, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar riosca dlíthiúil, ar ionchais ratha, agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag torthaí dlíthíochta d'fheidhmeanna rialála agus forfheidhmiúcháin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún um Chosaint Sonraí, de réir mar is gá agus mar is cuí, agus é ag déileáil le geallsealbhóirí seachtracha i ndáil le nithe dlíthíochta, lena n-áirítear láithriú os comhair na cúirte agus caidreamh a dhéanamh le comhlachtaí poiblí nó le rialálaithe eile.

### Tacaíocht Dlí i leith Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin agus Rialála (Feidhm Tacaíochta)

- Ionchur dlí sinsearach a sholáthar maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcás go bhfuil dlíthíocht ar siúl nó go bhfuiltear ag coinne léi le réasún, á chinntiú go gcuireann tosca dlíthíochta bonn eolais faoi chinnteoireacht rialála agus go mbainistítear riosca dlíthiúil go cuí le linn shaolré na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin.
- Comhairle a thabhairt maidir leis na gnéithe dlí den straitéis forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an t-idirghníomhú idir próisis imscrúdaitheacha, cinnteoireacht, agus imeachtaí cúirte ina dhiaidh sin.
- Tacú le próisis agus nósanna imeachta forfheidhmiúcháin a fhorbairt agus a bheachtú, agus leas á

bhaint as taithí dlíthíochta chun treisiú lena láidre agus lena inchosanta atá gníomhartha rialála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

**Tacaíocht Chomhairleach agus Eagraíochtúil**

- Rannchuidiú le hobair chomhairleach dlí ardleibhéil ar fud na heagraíochta, go háirithe maidir le nithe casta, nithe núíosacha nó nithe ardriosca ar ina leith a thagann tosca dlíthíochta chun cinn nó is dóigh dóibh teacht chun cinn.
- Comhairle dlí shinsearach a thabhairt d'fhoirne rialála, imscrúdaitheacha, beartais agus oibríochtúla maidir le nithe dlí agus nós imeachta, agus díriú ar leith á leagan ar riosca dlíthíochta a mhaolú agus ar thacú le torthaí éifeachtacha forfheidhmiúcháin.
- Cabhrú le treoir inmheánach, beartais inmheánacha agus ábhair oiliúna inmheánacha a fhorbairt, de réir mar is cuí, chun cur le tuiscint na heagraíochta ar riosca dlíthíochta agus ar oibleagáidí dlíthiúla.

**Ceannaireacht, Rialachas agus Rannchuidiú Gairmiúil**

- Gníomhú mar acmhainn dlí shinsearach laistigh den eagraíocht, agus ceannaireacht, meantóireacht agus tacaíocht á dtabhairt do chomhghleacaithe dlí maidir le nithe dlíthíochta agus maidir le saincheisteanna casta dlí.
- Cóitseáil, meantóireacht, treoir agus forbairt a sholáthar do bhaill shóisearacha den fhoireann
- Rannchuidiú le rialachas éifeachtach na feidhme Dlí, lena n-áirítear tacú le bainistíocht eolais, le feabhsú leanúnach ó thaobh bainistíocht dlíthíochta de, le formhaoirseacht ar riosca dlíthiúil agus le caidreamh le soláthraithe seachtracha seirbhísí dlí.
- Eolas cothrom le dáta a choinneáil ar fhorbairtí sa dlí cosanta sonraí, sa dlí poiblí, i gcleachtas dlíthíochta agus sa dlí-eolaíocht ábhartha, agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach agus an ról á chomhlíonadh.
- Tabhairt faoi aon dualgais eile is cuí don ghrád agus don ról, de réir mar a shannfaidh an lucht ardbhainistíochta iad.

**Tabhair faoi deara:**
Is é atá sna nithe thuas ná treoir ghinearálta ar phríomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an róil agus ní cur síos uileghabhálach é. Is féidir go ndéanfar dualgais agus freagrachtaí eile atá cuí don ról a shannadh ó am go chéile freisin.

## CEANGLAIS IONTRÁLA

### Critéir Bhunriachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí gach ceann de na nithe seo a leanas a léiriú ar an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais nó roimh an dáta sin:

- **Cáilíocht Ghairmiúil**
  A bheith ina n-aturnae nó ina n-abhcóide cáilithe atá incháilithe chun cleachtadh sa Stát, agus deimhniú cleachta bailí a bheith acu
- **Taithí Dlíthíochta Shuntasach**
  Taithí ceithre bliana ar a laghad, a gnóthaíodh tar éis cáiliú, a bheith acu ar chleachtadh os comhair na nUaschúirteanna, lena n-áirítear taithí ar imeachtaí a sheoladh nó a bhainistiú san Ard-Chúirt agus/nó i gcúirteanna achomhairc, lena n-áirítear dhá cheann ar a laghad de na nithe seo a leanas:
  - imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh,
  - achomhairc reachtúla,
  - dlíthíocht rialála nó dlíthíocht a bhaineann le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, agus
  - imeachtaí cúirte ardriosca nó ardphróifíle.
- **Straitéis Dlíthíochta**
  Taithí a léiriú ar phríomhfhreagracht a ghlacadh as nithe dlíthíochta, lena n-áirítear rannchuidiú leis an straitéis dlíthíochta a fhorbairt, riosca dlíthíochta a bhainistiú, treoir a thabhairt d'abhcóidí agus/nó do chomhairleoirí dlí seachtracha, agus comhairle a thabhairt do chinnteoirí sinsearacha maidir le hionchais, riosca agus torthaí.
- **An Dlí Poiblí/An Comhthéacs Rialála**
  Eolas agus taithí láidir a bheith acu ar an dlí poiblí agus/nó ar an dlí rialála, lena n-áirítear taithí ar chomhairle a thabhairt laistigh de chreat reachtúil nó rialála agus tuiscint ar na hoibleagáidí agus na srianta dlíthiúla is infheidhme maidir le comhlachtaí poiblí.
- **Inniúlacht Chomhairleach Shinsearach**
  A léiriú go bhfuil siad in ann comhairle dlí údarásach a thabhairt ar leibhéal sinsearach maidir le saincheisteanna casta agus núíosacha, go háirithe i gcás go dtagann nithe dlíthíochta chun cinn nó go bhfuiltear ag coinne leo le réasún. Áireofar leis sin an cumas cruthaithe chun treoir, cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do bhaill shóisearacha den fhoireann.
- **Breithiúnas Gairmiúil, Cuntasacht agus Cinnteoireacht**
  Breithiúnas gairmiúil fónta a léiriú, mar aon leis an gcumas chun feidhmiú go héifeachtach ar leibhéal sinsearach laistigh de chreat eagraíochtúil rialachais agus cinnteoireachta, lena n-áirítear taithí ar chinntí a dhéanamh, agus comhairle a thabhairt ina leith, i gcomhthéacsanna atá criticiúil ó thaobh ama, atá casta agus a bhfuil ardriosca ag baint leo, agus leibhéal cuí cuntasachta á léiriú.
- **Cumarsáid agus Caidreamh**
  Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal a léiriú, lena n-áirítear an cumas chun saincheisteanna casta dlí a chur i láthair go soiléir agus go gonta do spriocphobail neamhdhlíthiúla agus chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí sinsearacha.

**De bhreis ar an méid thuas, measúnófar iarrthóirí in aghaidh Chreat Inniúlachta na Státseirbhíse, mar atá leagtha amach lastall. Agus na hinniúlachtaí sin á léiriú acu, beifear ag súil leis go dtabharfaidh iarrthóirí samplaí ó chleachtas dlí ar leibhéal sinsearach, agus béim ar leith á cur ar dhlíthíocht chasta a sheoladh agus a bhainistiú, ar bhreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú i gcomhthéacsanna ardriosca, agus ar an gcumas chun obair le méid mór neamhspleáchais ghairmiúil agus cuntasachta. Ba cheart sainchineál sinsearach an róil agus na freagrachtaí dlíthíochta a bhaineann leis a léiriú go soiléir sna samplaí.**

**Critéir Inmhianaithe**

Ina theannta sin, meastar na critéir seo a leanas a bheith inmhianaithe, agus is féidir go n-úsáidfear iad chun iarrthóirí a ghearrliostú tuilleadh. Cé nach bhfuiltear ag súil leis go mbeidh taithí ag aon iarrthóir ar na réimsí seo go léir, is féidir go measfar taithí inléirithe i gceann amháin nó níos mó díobh a bheith ina buntáiste:

- Taithí ar dhlíthíocht a thagann chun cinn i gcomhthéacs an dlí rialála, an dlí cosanta sonraí, an dlí um príobháideacht, an dlí teicneolaíochta, an dlí um rialáil dhigiteach nó dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear taithí ar dhlíthíocht nó imeachtaí faoi dhlí an Aontais Eorpaigh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- Taithí ar obair laistigh de chomhlacht poiblí, de rialálaí nó d'údarás forfheidhmiúcháin, nó ar obair go dlúth leis, nó i ndáil lena chuid oibre.
- Taithí ar roinnt nithe dlíthíochta a bhainistiú go comhuaineach agus ar thosaíochtaí atá san iomaíocht le chéile a bhainistiú i dtimpeallacht eagraíochtúil chasta.
- Taithí ar rannchuidiú le beartas, treoir nó oiliúint eagraíochtúil ó thaobh na dlíthíochta nó an fhorfheidhmiúcháin de.

## Príomhinniúlachtaí ar Leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta

<table>
<tr><td colspan="2">

**Ullmhacht don Todhchaí a Thógáil.**

Forbhreathnú: Chun beartais phoiblí agus seirbhísí poiblí atá sármhaith a sholáthar, bíonn orainn glacadh le hathruithe agus leis an nuálaíocht. Féachaimid le straitéis agus fís chustaiméirlárnach chuimsitheach a chruthú a choinníonn suas le hathruithe timpeallachta, sóisialta agus teicneolaíochta. Agus cur chuige atá sofhreagrúil agus ina dtugtar tús áite don digitiú á ghlacadh againn, uasoileoimid i gcónaí, athróimid i gcónaí agus feabhsóimid i gcónaí an dóigh a ndéanaimid rudaí chun freastal ar na héilimh atá ann cheana agus ar na héilimh a bheidh ann sa todhchaí.

Tá an inniúlacht a bhaineann le hullmhacht don todhchaí a thógáil miondealaithe ina dhá foghné inniúlachta. Is é an chéad fhoghné ná **díriú digiteach, nuálaíocht, agus uasoiliúint** don todhchaí. Is é an dara foghné ná **straitéis, athruithe, agus athchóiriú**. Tá gach foghné miondealaithe tuilleadh ina príomheilimintí agus ina príomhtháscairí feidhmíochta. Tá siad sin mionsonraithe thíos.

</td></tr>
<tr><td>

**Díriú Digiteach, Nuálaíocht, agus Uasoiliúint don Todhchaí.**

**Díriú Digiteach.**

- Brúnn sé/sí an clár oibre um thús áite don digitiú chun cinn trína chinntiú go n-iniúchtar uirlisí digiteacha agus réitigh TF agus go mbaintear úsáid astu.

**Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach.**

- Soláthraíonn sé/sí réitigh nuálacha, chruthaitheacha agus phraiticiúla agus cuireann sé/sí chun cinn iad, agus tiomantas aige/aici d’fheabhsú leanúnach.
- Baineann sé/sí triail as cineálacha nua cur chuige nó cineálacha difriúla cur chuige agus tá sé/sí toilteanach rioscaí cuí a ghlacadh, foghlaim ó bhotúin, agus oiriúnú.

**Uasoiliúint don Todhchaí.**

- Tá sé/sí tiomanta dá c(h)uid eolais agus scileanna féin a fhorbairt don todhchaí.
- Lorgaíonn sé/sí deiseanna forbartha go réamhghníomhach agus déanann sé/sí machnamh tráthrialta ar eispéiris foghlama, agus é/í feasach ar a c(h)uid láidreachtaí agus laigí féin.
- Tuigeann sé/sí cad is gá don fhoireann a dhéanamh chun ullmhacht agus scileanna don todhchaí a fhorbairt.

Samplaí de phríomhscileanna

- Nuálaíocht
- Scileanna TF agus digiteacha
- foghlaim leanúnach
- smaointeoireacht córas
- feabhsú próiseas
- réamhaisnéisiú don todhchaí.

</td><td>

**Straitéis, Athruithe, agus Athchóiriú.**

**Inniúlacht Straitéiseach agus Díriú ar an Todhchaí.**

- Rannchuidíonn sé/sí go gníomhach le pleananna straitéiseacha a fhorbairt agus a mheas, agus é/í ag díriú ar na spriocanna gearrthéarmacha, na spriocanna meántéarmacha agus na spriocanna fadtéarmacha.
- Tacaíonn sé/sí le mórbheartas, mórstraitéis agus mórchuspóirí na hEagraíochta nó na Roinne a fhorbairt.

**Feasacht Chomhthéacsúil agus Inoiriúnaitheacht.**

- Tá tuiscint láidir aige/aici ar mhórbheartais Státseirbhíse agus ar fhorbairtí ábhartha san Earnáil Phoiblí agus san Earnáil Phríobháideach.
- Léiríonn sé/sí feasacht ar athruithe ar imthosca, ar an timpeallacht agus ar an gcomhthéacs, agus an cumas aige/aici freagairt agus oiriúnú do na hathruithe sin, de réir mar is gá.

**Tacú le hAthruithe agus le hAthchóiriú.**

- Treoraíonn sé/sí daoine eile agus tacaíonn sé/sí leo le linn athruithe, agus é/í ag tarraingt aird ar na tairbhí lena mbaineann agus ag tabhairt aghaidh ar dhiúltú d’athruithe, ar ábhair imní nó ar aiseolas.
- Tacaíonn sé/sí leis an gclár oibre um athruithe agus athchóiriú trí mholtaí a chur chun tosaigh, trí athruithe comhaontaithe a chur chun feidhme agus trí dhíriú ar fheabhsú.

Samplaí de phríomhscileanna

- athruithe a bhainistiú agus tacú leo
- forbairt beartais agus straitéise
- socrú spriocanna
- cur chun feidhme straitéise
- smaointeoireacht straitéiseach.

</td></tr>
</table>

**Soláthar Fianaisebhunaithe**

Forbhreathnú: Chun beartais phoiblí agus seirbhísí poiblí atá sármhaith a sholáthar, bíonn orainn breithiúnais agus cinntí atá fianaisebhunaithe agus eolach a dhéanamh, cuspóirí a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, agus úsáid á baint as faisnéis ábhartha chun an toradh soláthartha a mheas chun an tairbhe is mó a chinntiú do na daoine a bhfreastalaímid orthu.

Tá an inniúlacht a bhaineann le soláthar fianaisebhunaithe miondealaithe ina dhá foghné inniúlachta. Is é an chéad fhoghné ná sármhaitheas a sholáthar. Is é an dara foghné ná anailís, breithiúnas agus cinnteoireacht. Tá gach foghné miondealaithe tuilleadh ina príomheilimintí agus ina príomhtháscairí feidhmíochta. Tá siad sin mionsonraithe thíos.

**Sármhaitheas a Sholáthar.**

**Obair agus Acmhainní a Bhainistiú.**
- Bainistíonn sé/sí clár oibre, agus é/í ag glacadh úinéireacht ar a t(h)ionscadail neamhspleácha féin agus ag déanamh formhaoirseacht freisin ar obair fhoireannbhunaithe.
- Pleanálann sé/sí obair go héifeachtach agus cuireann sé/sí píosaí oibre in ord tosaíochta go héifeachtach in aghaidh éilimh atá san iomaíocht le chéile agus in aghaidh srianta acmhainní, á chinntiú go soláthraítear torthaí.
- Déanann sé/sí acmhainní a mheas, a bhainistiú agus a leithdháileadh go héifeachtach.

**Tiomantas do Thorthaí Ardchaighdeáin.**
- Leagann sé/sí ardchaighdeáin agus spriocanna síos dó/di féin agus do dhaoine eile, agus tiomantas aige/aici na hardchaighdeáin agus na spriocanna sin a bhaint amach.
- Tathantaíonn sé/sí sármhaitheas i seirbhís do chustaiméirí nó in eispéireas an chustaiméara agus spreagann sé/sí daoine eile an rud céanna a dhéanamh.
- Déanann sé/sí faireachán ar éifeachtúlachtaí agus ar luach ar airgead, agus cloíonn sé/sí le ceanglais rialachais chorparáidigh.

**Foghlaim, Freagairt, Meastóireacht a Dhéanamh, agus Feabhsú.**
- Cuireann sé/sí eolas ar thascanna nó róil nua go tapa, agus tuiscint á gnóthú aige/aici ar riachtanais, ar an bhfaisnéis ábhartha agus ar íogaireachtaí.
- Tá sé/sí solúbtha, sofhreagrúil agus athléimneach in aghaidh deacrachtaí nó in aghaidh éilimh éiritheacha.
- Lorgaíonn sé/sí aiseolas, agus déanann sé/sí meastóireacht ar sholáthar in aghaidh torthaí riachtanacha, agus gníomhaíocht á déanamh aige/aici chun foghlaim, chun freagairt agus chun feabhsú.

Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna
- bainistíocht tionscadal
- seirbhís do chustaiméirí
- bainistíocht riosca,
- leithdháileadh acmhainní,

**Anailís, Breithiúnas agus Cinnteoireacht.**

**Anailís agus Meastóireacht a Dhéanamh ar Fhaisnéis.**
- Tá sé/sí in ann sonraí a bhailiú ó raon foinsí éagsúla agus na sonraí sin a anailísiú agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu, chun faisnéis thábhachtach a shainaithint.
- Cinntíonn sé/sí go ndéantar sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid ar bhonn tráthrialta chun tacú le hobair agus chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú.
- Déanann sé/sí anailís agus meastóireacht ar fhaisnéis chasta ó bhéal agus ar fhaisnéis chasta uimhriúil ar bhealach cruinn tráthúil.

**Réiteach Fadhbanna.**
- Bainistíonn sé/sí saincheisteanna agus réitíonn sé/sí fadhbanna ar bhealach eolach, loighciúil agus socair, agus faisnéis agus ionchuir bhreise á lorg aige/aici, i gcás gur gá.
- Déileálann sé/sí go héifeachtach le cora deacra doiléire agus le saincheisteanna 'ar an toirt', agus an ghníomhaíocht is fearr á cinneadh aige/aici go tapa.

**Breithiúnas agus Cinnteoireacht Eolach.**
- Déanann sé/sí breithiúnais agus cinntí stuama, agus leas á bhaint aige/aici as fianaise, as taithí agus as beartais nó nósanna imeachta ábhartha, agus saincheisteanna nó íogaireachtaí comhthéacsúla á gcur san áireamh aige/aici an tráth céanna.
- Déanann sé/sí cinntí tábhachtacha, práinneacha nó deacra ar bhealach cuí, tráthúil agus eiticiúil, agus é/í ag déanamh breithniú ar na mórimpleachtaí nó ar an mórthionchar agus ag comhroinnt na réasúnaíochta is bun leis na cinntí a dhéantar.

Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna
- meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis
- bainistíocht agus léirshamhlú sonraí
- anailísíocht sonraí
- smaointeoireacht chriticiúil.

| | |
|---|---|
| • meastóireacht ar thionscadail<br>• anailís costais is tairbhe. | |
| **Treorú agus Cumhachtú.**<br><br>Forbhreathnú: Chun beartais phoiblí agus seirbhísí poiblí atá sármhaith a sholáthar, bíonn orainn a bheith inár dtreoraí inár réimsí saineolais, daoine eile a spreagadh agus fís shoiléir a chruthú. Táimid tiomanta dár gcomhghleacaithe a fhorbairt agus a chumhachtú agus do thacaíocht a thabhairt dóibh chun go mbeidh siad in ann a lánchumas a bhaint amach agus táimid tiomanta freisin do thimpeallacht chuimsitheach dhearfach oibre a chruthú ina mbíonn meas ar rannchuidiú gach duine.<br>Tá an inniúlacht a bhaineann le treorú agus cumhachtú miondealaithe ina dhá foghné inniúlachta. Is é an chéad fhoghné ná treorú, inspreagadh, agus forbairt. Is é an dara foghné ná treorú le sainléargas. Tá gach foghné miondealaithe tuilleadh ina príomheilimintí agus ina príomhtháscairí feidhmíochta. Tá siad sin mionsonraithe thíos. | |
| **Treorú, Inspreagadh, agus Forbairt.**<br><br>**Feidhmíocht a Fhorbairt agus a Inspreagadh agus Tacú léi.**<br>• Cinntíonn sé/sí go mbíonn deiseanna forbartha ar fáil dá f(h)oireann, agus é/í ag tarmligean tascanna nó tionscadal go straitéiseach agus ag déanamh breithniú ar na láidreachtaí agus na riachtanais forbartha atá ann cheana.<br>• Tacaíonn sé/sí le hardfheidhmíocht, agus inspreagann sé/sí í, trí aitheantas, treoir, cóitseáil agus aiseolas tráthrialta a thabhairt.<br>• Úsáideann sé/sí teicnící foirmiúla bainistíochta feidhmíochta agus teicnící neamhfhoirmiúla bainistíochta feidhmíochta araon agus cuireann sé/sí chun cinn iad.<br>•<br>**Fís, Cuspóir, agus Barántúlacht.**<br>• Cruthaíonn sé/sí fís shoiléir agus spriocanna soiléire agus cuireann sé/sí in iúl iad.<br>• Léiríonn sé/sí barántúlacht, paisean agus tiomantas dá c(h)uid oibre agus cuireann sé/sí an mórchuspóir agus an mórthionchar i gcuimhne don fhoireann.<br>• Treoraíonn sé/sí le hionracas, le sláine, le trédhearcacht agus le cuntasacht.<br>**Cumhachtú, Sábháilteacht Shíceolaíoch, agus Cuimsiú.**<br>• Cruthaíonn sé/sí timpeallacht foirne atá cuimsitheach, atá sábháilte ón taobh síceolaíoch de agus atá oscailte.<br>• Cumhachtaíonn sé/sí a f(h)oireann trí neamhspleáchas, iontaoibh agus cumarsáid mhacánta a chothú.<br>• Mar cheannaire, cuireann sé/sí comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn, agus é/í ag déanamh gníomhaíocht fhiúntach trí obair a (h)Eagraíochta nó a Roinne agus trí thacú le fórsa saothair éagsúil.<br><br>**Intleacht Shóisialta agus Mhothúchánach.**<br>• Tugann sé/sí tús áite go hoscailte dá f(h)olláine féin agus d'fholláine daoine eile, agus cultúr tacaíochta, comhbhá agus tuisceana á chothú aige/aici.<br>• Léiríonn sé/sí féinfheasacht agus an cumas chun a | **Treorú le Sainléargas.**<br><br>**Breisluach a Sholáthar trí Shaineolas.**<br>• Léiríonn sé/sí méid mór saineolais agus eolais ina réimse féin.<br>• Soláthraíonn sé/sí breisluach don Eagraíocht nó don Roinn trí leas a bhaint as an saineolas atá aige/aici chun freastal ar riachtanais ghnó agus chun an mórbheartas nó an mhórstraitéis a mhúnlú.<br><br>**Treorú agus Tathant.**<br>• Treoraíonn sé/sí, agus tugann sé/sí treoir, trí léargais, eolas, fianaise agus réasúnaíocht a chomhroinnt go hoscailte ar bhealach neamhtheicniúil<br>• Tathantaíonn agus míníonn sé/sí luach a réimse saineolais féin agus cén fáth a bhfuil sé riachtanach tús áite a thabhairt dó<br>• Tagann sé/sí chun bheith ina C(h)eannaire Smaointeoireachta nó ina S(h)aineolaí Ábhair ina réimse saineolais féin, agus treoir, eolas agus ceannaireacht á dtabhairt aige/aici<br><br>**Líonraí, Eolas agus Léargais a Fhorbairt.**<br>• Gnóthaíonn sé/sí léargas agus saineolas trí chaidreamh a dhéanamh le saineolaithe agus comhghleacaithe inmheánacha, seachtracha agus idirnáisiúnta.<br>• Déanann sé/sí ionadaíocht don Eagraíocht nó don Roinn ag imeachtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ar bhealach gairmiúil agus feasach.<br>• Tá sé/sí tiomanta d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus é/í ag glacadh páirt ghníomhach i gcúrsaí, comhdhálacha agus gníomhaíochtaí ábhartha chun a c(h)uid eolais a choinneáil cothrom le dáta. |

<table>
<tr><td>m(h)othúcháin agus a (h)iompraíocht féin a bhainistiú, go háirithe i gcora dúshlánacha.<br><br>Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna<br>• bainistíocht feidhmíochta<br>• cóitseáil agus aiseolas<br>• foirne cianda nó cumaisc a bhainistiú.</td><td>Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna<br>• sainscileanna ina réimse saineolais féin<br>• taighde<br>• líonrú.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh.<br><br>Forbhreathnú: Chun beartais phoiblí agus seirbhísí poiblí atá sármhaith a sholáthar, bíonn orainn obair le chéile, caidreamh a chothú agus comhoibriú, rud a chumasaíonn cur chuige comhleanúnach uile-Rialtais. Má dhéanaimid caidreamh éifeachtach agus teagmháil éifeachtach lenár gcustaiméirí, lenár gcliaint agus lenár gcomhghleacaithe, feabhsóimid ár seirbhísí agus cothóimid an mhuinín astu.<br>Tá an inniúlacht a bhaineann le cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh miondealaithe ina dhá foghné. Is é an chéad fhoghné ná cumarsáid a dhéanamh agus tionchar a imirt. Is é an dara foghné ná caidreamh agus comhoibriú a dhéanamh. Tá gach foghné miondealaithe tuilleadh ina príomheilimintí agus ina príomhtháscairí feidhmíochta. Tá siad sin mionsonraithe thíos.</td></tr>
<tr><td>Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt.<br><br>Cumarsáid a Dhéanamh go hÉifeachtach agus Éisteacht chun Tuiscint a Fháil.<br>• Déanann sé/sí cumarsáid, agus cuireann sé/sí é/í féin in iúl, ar bhealach soiléir, gairmiúil, tarraingteach agus éifeachtúil, ar fud cumarsáidí briathartha, digiteacha agus scríofa.<br>• Léiríonn sé/sí tuiscint ar a c(h)ur chuige cumarsáide féin, agus a stíl á cur in oiriúint aige/aici don spriocphobal, de réir mar is cuí.<br>• Tá léirthuiscint aige/aici don éagsúlacht, agus déanann sé/sí iarracht ghníomhach ról a thabhairt do dhaoine difriúla ionas gur féidir tuairimí a cheistiú agus tuairimí malartacha a chur in iúl.<br><br>Scileanna chun Tionchar a Imirt agus Scileanna Idirbheartaíochta.<br>• Imríonn sé/sí tionchar ar dhaoine eile, agus áitíonn sé/sí orthu, ar bhealach cáiréiseach agus breithníonn sé/sí comhréiteach, nuair is gá.<br>• Forbraíonn sé/sí tuiscint ar chomhthéacs, ar íogaireachtaí agus ar dhearcthaí difriúla agus é/í i mbun plé nó idirbheartaíochta.<br>• Tugann sé/sí aghaidh ar phlé deacair, coinbhleacht nó idirbheartaíocht le meas, le cineáltas, le guaim agus le féinmhuinín.<br><br>Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna<br>• teangacha eile, amhail Gaeilge<br>• scileanna scríbhneoireachta<br>• cur i láthair<br>• éisteacht ghníomhach<br>• scileanna éascaithe agus cathaoirleachta<br>• scileanna chun tionchar a imirt agus scileanna idirbheartaíochta.</td><td>Caidreamh a Dhéanamh agus Comhoibriú.<br><br>Cothú Caidrimh agus Teagmháil le Geallsealbhóirí.<br>• Úsáideann sé/sí scileanna idirphearsanta chun caidreamh oibre a chothú agus a chothabháil laistigh dá réimse, dá f(h)oireann agus dá Roinn nó dá (h)Eagraíocht féin agus lasmuigh díobh araon.<br>• Téann sé/sí i dteagmháil agus i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha go tráthrialta, agus é/í ag bainistiú ionchas agus ag soláthar an eolais is deireanaí ar bhealach léirsteanach, oscailte agus trédhearcach.<br><br>Comhoibriú, Comhairliúchán, agus Obair Thrasfheidhmiúil.<br>• Baineann sé/sí an chuid is fearr as deiseanna chun comhoibriú trí na ceisteanna cearta a chur, trí thacaíocht a thairiscint, trína bheith réamhghníomhach agus trí thuiscint a léiriú ar chuspóirí daoine eile.<br>• Tugann sé/sí ról do dhaoine eile, agus téann sé/sí i gcomhairle leo, ar bhealach réamhghníomhach ar fud na socruithe áit oibre go léir, amhail cianobair, obair hibrideach nó chumaisc nó obair oifigbhunaithe.<br><br>Seo a leanas samplaí de phríomhscileanna<br>• Comhoibriú<br>• obair thrasfheidhmiúil<br>• líonrú<br>• cothú caidrimh agus scileanna idirphearsanta<br>• tuiscint shóisialta.</td></tr>
</table>

**Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht**
**Ceanglais Saoránachta**

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

**(a)** A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

**(b)** A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó

**(c)** A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó

**(d)** A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus a bhfuil cead stampa 4 nó cead stampa 5 aige/aici

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann ar bith de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):**

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine ar scor incháilithe faoin Scéim sin le haghaidh iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):**

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana é an toirmeasc. Níl daoine a bhain leas as scéim LSS incháilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim SIS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil**

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Saorálaí d'Údaráis Áitiúla isteach le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**Dearbhú:**
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí roimhe seo. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

**Ginearálta**

Tá an ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Achta eile atá i bhfeidhm idir an dá linn sa Státseirbhís. Déanfar an ceapachán ar bhonn poist lánaimseartha, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos agus na dtéarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an ngrád, de réir mar a leasófar ó am go ham.

**Tuarastal**

Is é seo a leanas an Scála Tuarastail don phost – tá na rátaí in éifeacht ón 1 Meitheamh 2026 i leith:

**Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéal) (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin)**

€91229, €94,669, €98,178, €101,658, €105,132, €107,164 (NMAX), €110,611 (LSI1), €114,069 (LSI2)

*[1] Tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasphointe. [2] Tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasphointe.*

Tá feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (dá ngairtear ranníocaíocht príomhscéime ar shlí eile) a íoc de réir rialacha a p(h)ríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i ndáil le comhaltas i scéim Céilí agus Leanaí agus tá sé difriúil freisin leis na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás nach gceanglaítear ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Féadfar breisíochtaí fadseirbhíse a íoc tar éis seirbhís shásúil trí bliana (LSI1) agus sé bliana (LSI2) ag uasphointe an scála.

**Nóta Tábhachtach**

Is ag bun an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí san am i láthair atá sa cheapaí. Féadfar breisíochtaí a íoc faoi réir feidhmíocht shásúil de réir Beartas reatha Rialtais.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Tionacht agus Promhadh**

Is ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís é an ceapachán.

Beidh feidhm ag an gconradh promhaidh go ceann tréimhse bliana ón dáta atá sonraithe ar an gconradh. D’ainneoin na míre seo agus na míre díreach thíos, ní hionann é sin agus a rá nach bhfadófaí leis an gconradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d’fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag do mhaoirseoir(í) chun a chinneadh:

- (i) An raibh d’fheidhmíocht sásúil,
- (ii) An raibh tú sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus
- (iii) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach

gcoinneofar thú, de bhun *alt 5(A)(2) d'Achtanna Rialuithe na Státseirbhíse, 1956-2005.* Bunófar an cinneadh sin ar d'fheidhmíocht, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Déanfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de na treoirlínte maidir le promhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe duit.

D'ainneoin mhíreanna roimhe seo den rannán seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

[1]Sna himthosca áirithe seo a leanas, féadfar fadú le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála.
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, is féidir go n-éileoidh an fostóir go gcuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí i gcás nach measfar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den tréimhse phromhaidh agus
- Aon fhoráil reachtúil eile lena bhforáiltear –
  - (i) go mbeidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn neamhláithreacht fostaí ón obair, agus
  - (ii) go gcuirfidh an fostaí an tréimhse phromhaidh i gcrích ar fhilleadh an fhostaí ar an obair tar éis neamhláithreacht den sórt sin.

I gcás go gcuirfear tréimhse phromhaidh ar fionraí, ba cheart don fhostóir fógra a thabhairt don fhostaí i dtaobh na n-imthosca a bhaineann leis an bhfionraí.

Cuirfidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh aon bhliana isteach. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann air/uirthi na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ar seirbhís díreach sular ceapadh é/í ón gcomórtas seo, is gnách go dtiocfaidh saincheist an fhillte chun cinn. I gcás fillte, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas ina (h)iarghrád sa Roinn a raibh sé/sí inti roimhe sin.

**Ceanncheathrú**

Beidh an cheanncheathrú le haghaidh na bpost seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i gCúil an tSúdaire nó i cibé láithreacha eile a ainmneoidh na Coimisinéirí Cosanta Sonraí ó am go chéile. Is féidir go gceanglófar ar iarrthóirí ó am go chéile taisteal sa tír seo nó chuig imeachtaí nó cruinnithe thar lear. Nuair a bhíonn duine ar dualgas agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar speansais chuí taistil agus chothaithe, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

**Uaireanta freastail**

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain nó 35 huaire an chloig mar uaireanta freastail glana sa tseachtain. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a chuid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre.

**Saoire Bhliantúil**

11

Is é 30 lá in aghaidh na bliana an tsaoire bhliantúil le haghaidh an phoist seo. Tá an tsaoire sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

De réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse. Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn/Eagraíocht is fostóir. Beidh íocaíocht tuarastail le linn na breoiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an oifigeach ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

**Dualgais**

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais is cuí don phost agus a shannfar ó am go chéile a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh na ndualgas oifigiúil.

**Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015**

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2015, maidir leis an bhfostaíocht a fhoirceannadh i gcás go rachaidh an conradh promhaidh seo in éag gan é a athnuachan agus ar an gcúis sin amháin.

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an gceapachán seo, de réir mar is cuí.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, is bunaithe ar chomhaltas sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh. Tá mionsonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (ar théarmaí nach téarmaí Scéime Aonair iad) sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, is féidir go mbeidh feidhm ag téarmaí difriúla. Déanfar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin amach maidir lena stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is mar seo a leanas atá na príomhfhorálacha atá i bhfeidhm maidir le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ar a dtagann an pinsean chun bheith iníoctha agus an aois incháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit, arb í 66 bliana d'aois í faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí sa scéim dul ar scor ar 70 bliain d'aois a shlánú.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus uasrátáiltear iad gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá baint leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ag méaduithe pinsin iarscoir

**Laghdú Pinsin**

- Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, **beidh** an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tá tú á admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdúcháin, nuair is ábhartha. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh laghdúcháin i dtaca le ceapacháin chun an phoist seo.**

- Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhfágann ceann ar bith díobh nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Is féidir, áfach, go ndéanfar socruithe speisialta chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a mbeidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

- **Ciorclán 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí** Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e., ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Easláinte**

  Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, maidir le haon daoine a chuaigh ar scor roimhe seo ar fhorais easláinte faoi théarmaí aon scéime aoisliúntais, a cheanglaítear orthu a dhearbhú don eagraíocht atá ag riar an chomórtais earcaíochta, ag an gcéim iarratais tosaigh, cé acu atá nó nach bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin.

  Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun go measúnófar a gcumas chun seirbhís thráthrialta éifeachtach a sholáthar, agus an riocht a cháiligh iad le haghaidh scor de dheasca easláinte á chur san áireamh.

  Ceapachán tar éis scor den Státseirbhís de dheasca Easláinte

  Má éiríonn leis/léi ina (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

  1. Más rud é go meastar é/í a bheith oiriúnach do sheirbhís thráthrialta éifeachtach a sholáthar agus go sanntar é/í do phost, scoirfear dá p(h)insean státseirbhíse de dheasca easláinte a íoc.
  2. Má theipeann ar an iarratasóir an promhadh a chur i gcrích ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí éirí as a p(h)ost sannta, ní fhéadfar é/í a fhilleadh ar stádas scoir ón státseirbhís de dheasca easláinte ná an pinsean státseirbhíse de dheasca easláinte a bhí ann roimh an iarratas a athbhunú, agus ní bheidh sé/sí ina theidil sin ach

oiread.

3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina c(h)omhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Ceapachán tar éis scor den tseirbhís phoiblí de dheasca Easláinte:

1. I gcás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, is féidir go mbeidh a p(h)insean de dheasca easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, ceanglófar air/uirthi a dhearbhú ar a c(h)eapadh cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (bíodh pinsean de dheasca easláinte nó pinsean eile ann) agus is féidir go mbeidh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdú.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina c(h)omhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Tabhair faoi deara gur ar fáil tríd an nasc seo atá faisnéis níos mine maidir leis na himpleachtaí pinsin dóibh sin atá ag fáil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca easláinte.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina c(h)omhalta de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e., scéim nach í an Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

I dteannta na gceanglas ranníocaíochta pinsin faoi rialacha na scéime pinsean iomchuí ar féidir go mbeidh an ceapaí ina c(h)omhalta di, tá an ceapachán seo faoi réir na ranníocaíochta breise aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Tá asbhaintí Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (an phríomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a cheanglaítear faoi rialacha do scéime pinsean. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Rúndacht, Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas**

I rith théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Aontóidh an t-oifigeach nach nochtfaidh sé/sí aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

Beidh an t-oifigeach faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**

Beidh feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, maidir leis an bhfostaíocht seo, nuair is cuí.

**Réamhcheadú Foilseachán**

Aontóidh tú gan aon ábhar a bhaineann le do dhualgais oifigiúla a fhoilsiú gan réamhcheadú a fháil ó na Coimisinéirí Cosanta Sonraí.

**<u>Fostaíocht Sheachtrach:</u>**
Post lánaimseartha a bheidh sa phost seo, agus ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as dá f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas.

**<u>Gníomhaíocht Pholaitiúil</u>**
I rith an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear státseirbhísigh agus polaitíocht.

**<u>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána / Imréiteach Slándála</u>**
Tá an ceapachán faoi réir ghrinnfhiosrúchán sásúil an Gharda Síochána agus/nó imréiteach slándála sásúil, de réir mar is gá.

**Tabhair faoi deara:** Mar Fhostóir Roghnaithe, tá ag an Státseirbhís a lán beartas le haghaidh obair sholúbtha agus obair a thacaíonn le teaghlaigh, lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre. Cé go bhféadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, tabhair faoi deara go mbeidh sé de rogha an fhostóra glacadh leo agus go gcinnfear na hiarrataí ar aon dul le riachtanais na heagraíochta agus de réir cáis.

**<u>FÓGRA TÁBHACHTACH</u>**

**Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.**

## **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Bí cúramach agus tú ag comhlánú an iarratais uait, á chinntiú go gcuireann tú na mionsonraí ábhartha uile ar áireamh. Beidh d'iarratas mar chuid den phróiseas measúnachta, ar lena linn a bhainfear úsáid as gearrliostú agus a ghlaofar iarrthóirí chun agallaimh freisin. Leis an bhFoirm Iarratais, tugtar deis d'iarratasóirí a gcáilíochtaí, a scileanna agus a dtaithí a mhionsonrú agus a mhionsonrú freisin conas a chomhlíonann siad ceanglais bhunriachtanacha agus tréithe pearsanta riachtanacha an phoist.

Ba cheart d'iarratasóirí foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach trí ríomhphost a sheoladh chuig dpcjobs@rsmireland.ie.

Níl aon cheanglas ann aon ábhar breise amhail CV nó a leithéid a chur isteach. Ní ghlacfar san fheachtas ach amháin le hiarratais atá curtha isteach go hiomlán le ríomhphost. **Ní ghlacfar le hiarratais a bheidh faighte tar éis an dáta agus ama deiridh.**

**Dáta deiridh**

Ní mór an t-iarratas uait a chur isteach le ríomhphost chuig dpcjobs@rsmireland.ie tráth nach déanaí ná **12 p.m. (meán lae), an 24 Meitheamh 2026**.

Más rud é nach bhfaighidh tú admháil á rá go bhfuarthas d'iarratas laistigh de thrí lá tar éis iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost chuig: dpcjobs@rsmireland.ie.

**Is dóigh go seolfar agallaimh do na poist seo i mí an Iúil 2026**

Is faoi gach iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfaighidh sé/sí an chumarsáid ar fad ó dpcjobs@rsmireland.ie.

Ní ghlacann RSM Ireland le haon fhreagracht as teachtaireachtaí nach bhfuil faighte ná léite ag iarratasóir.

Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh RSM Ireland agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na mionsonraí teagmhála atá sonraithe ar an bhfoirm iarratais ceart.

**Modhanna Roghnúcháin**

Beidh na nithe seo a leanas i gceist leis an roghnú:

- Scagadh incháilitheachta tosaigh ar bhonn pas/teipe in aghaidh cheanglais bhunriachtanacha an chomórtais; agus
- iarrthóirí incháilithe a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas, agus aird á tabhairt ar riachtanais an róil
- láithreoireacht nó cleachtadh scríofa
- agallamh iomaíoch.

**Gearrliostú**

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear ar phost ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Dá réir sin, cuirfear próiseas gearrliostúcháin i bhfeidhm i gcás nach mbeidh sé indéanta agallamh a chur ar gach iarrthóir incháilithe.

Is ar bhonn pas/teipe a dhéanfar measúnú ar na hiarratais ar dtús chun a chinneadh an gcomhlíonann iarrthóirí ceanglais incháilitheachta agus ceanglais bhunriachtanacha an chomórtais. Déanfar iarrthóirí a chomhlíonann na ceanglais sin a bhreithniú ansin lena ngearrliostú don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, rud ar féidir go mbeidh

measúnú ar chritéir inmhianaithe agus/nó measúnú ar fhreagraí ar cheisteanna inniúlachta/cumais i gceist leis.

Ní hé is aidhm do ghearrliostú a thabhairt le tuiscint nach bhfuil iarrthóirí nach ngearrliostaítear iad oiriúnach don ról nó nach bhfuil siad in ann an ról a chomhlíonadh. Ina ionad sin, léiríonn sé gur féidir, bunaithe ar an bhfaisnéis atá tugtha sna foirmeacha iarratais, go mbeidh tréithe iarrthóirí áirithe ag teacht níos dlúithe le riachtanais an phoist.

Déanfaidh bord saineolaithe roghnúcháin scrúdú ar fhoirmeacha iarratais in aghaidh critéir chomhaontaithe ghearrliostúcháin atá bunaithe ar riachtanais an róil. Díreofar sna critéir sin ar dhoimhneacht, ábharthacht agus sinsearacht thaithí dlíthíochta na n-iarrthóirí, lena n-áirítear taithí ar chleachtadh os comhair na nUaschúirteanna agus ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí casta, ardriosca nó ardphróifíle.

Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat a thabhairt i d'iarratas.

**Painéal a Bhunú**

Bunófar painéal iarrthóirí rathúla tar éis an próiseas measúnaithe a chríochnú, rud a bheidh rangaithe in ord fiúntais. Beidh an painéal bailí ar feadh tréimhse shonraithe, faoi réir síneadh a chur leis an tréimhse sin de rogha an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus ar aon dul le treoirlínte ábhartha.
Is féidir go ndéanfar ceapacháin ón bpainéal chuig an bhfolúntas láithreach laistigh den Aonad Dlí, rud ar ról dlíthíochta sinsearach é, agus chuig róil dlíthíochta shinsearacha eile ar fud na heagraíochta, i gcás go dtiocfaidh éilimh shuntasacha dhlíthíochta nó ionchúisimh chun cinn.

**Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rún daingean.

**Imréiteach Slándála**

Má dhéantar thú a bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a raibh tú i do chónaí iontu. Más rud é, áfach, nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfaidh RSM Ireland an fhoirm sin.

Más rud é gur chónaigh tú/go ndearna tú staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse sé mhí nó níos faide, **beidh ort Deimhniú Imréitigh Póilíní** a thabhairt ó na tíortha sin á lua nár taifeadadh aon chiontuithe i d'aghaidh le linn duit cónaí sa tír lena mbaineann. Beidh ort **Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith a sholáthar le haghaidh gach tíre ar chónaigh tú inti**. Ní mór dáta an Imréitigh a bheith tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir aon fhaisnéis arna fáil i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás is fostóir.

**Tá sé de fhreagracht ortsa imréitigh shlándála a iarraidh ar bhealach tráthúil toisc go dtógann sé roinnt ama chun iad a chur i gcrích in amanna. Ní fhéadfar thú a cheapadh gan an fhaisnéis sin a bheith tugtha agus gan an fhaisnéis sin a bheith in ord.**

**Ceanglais Incháilitheachta**

Is féidir nach ndeimhneofar cáilíochtaí/incháilitheacht go dtí an chéim dheiridh den phróiseas. Dá bhrí sin, is ag cur dua/caiteachas neamhriachtanach orthu féin atá na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonann na ceanglais bhunriachtanacha agus a leanann ar aghaidh leis an iarratas uathu

agus ní thairgfear post ón gcomórtas seo dóibh.

Is ar an iarrthóir a bhíonn an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach. Forchoimeádann RSM Ireland an ceart chun iarratasóir a mheas a bheith neamh-incháilithe ag aon chéim más follasach nach bhfuil an incháilitheacht riachtanach/na cáilíochtaí riachtanacha ag an iarrthóir, e.g., ón bhfoirm iarratais atá curtha isteach. Maidir le hiarrthóirí atá á mbreithniú tar éis na céime roghnúcháin deiridh, ceanglófar orthu fianaise dhoiciméadach a sholáthar ar a n-incháilitheacht, lena n-áirítear cáilíochtaí.

Maidir le hiarrthóirí nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu, is féidir go dtarraingeofar siar ón gcomórtas iad ag aon chéim. Ní hionann cuireadh chun freastal ar thrialacha, ar agallamh nó ar aon ghné den phróiseas roghnúcháin agus glacadh le hincháilitheacht.

**<u>Faisnéis thábhachtach eile</u>**

Ní bheidh RSM Ireland freagrach as aon speansais a thabhóidh iarrthóirí a aisíoc.

Ní thugann cead isteach duine i bhfeachtas, ná cuireadh chun agallaimh, le fios gur deimhin leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí go gcomhlíonann an duine lena mbaineann ceanglais an chomórtais ná nach bhfuil an duine dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú. Ní ghabhann aon ráthaíocht leis ach oiread go ndéanfar iarratas an iarrthóra a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtugann tú faoi deara gur fútsa atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalóidh tú ar agallamh. Más rud é nach gcomhlíonann tú na ceanglais bhunriachtanacha iontrála sin agus go bhfreastalaíonn tú ar agallamh ina ainneoin sin, beidh tú ag tabhú speansas gan ghá.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh chuig an bpost seo, déanfaidh RSM Ireland gach fiosrúchán a mheastar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shuí. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh ná ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Má ghlacann iarrthóir le tairiscint cheapacháin, bainfear a (h)ainm ón bpainéal agus ní dhéanfar aon tairiscintí breise ceapacháin dó/di.

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena c(h)eapadh diúltú don cheapachán, nó más rud é go scarfaidh sé/sí leis tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán nó go dtiocfaidh folúntas eile chun cinn, féadfaidh an Bord, faoina lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena c(h)eapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

**<u>Iarrthóirí faoi Mhíchumas</u>**

Dá mba mhaith leat labhairt faoi d’iarrthóireacht agus faoi aon socruithe a d’fhéadfadh dul chun tairbhe duit le linn an phróisis earcaíochta, déan teagmháil le Colette Farrell, Bainisteoir Earcaíochta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, trí ríomhphost a sheoladh chuig CXOfarrell@dataprotection.ie

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin faoin gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí**

Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta leis an toradh ar aon chéim de phróiseas roghnúcháin, féadfaidh sé/sí:

1. **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis a iarraidh

**<u>nó</u>**

2. **Gearán a dhéanamh** á rá gur míchothrom a bhí an próiseas roghnúcháin a leanadh

Féadfaidh iarrthóir ceachtar den dá nós imeachta a leanúint i ndáil leis an aon ghné amháin

den phróiseas roghnúcháin, ach ní fhéadfaidh sé/sí an dá nós imeachta a leanúint. I gcás go ndearnadh athbhreithniú ar phróiseas roghnúcháin de réir Chuid 7 (mar atá mionsonraithe thíos), ní fhéadfaidh gearánach athbhreithniú breise ar an bpróiseas sin a iarraidh de réir Chuid 8, seachas sna cúinsí is eisceachtúla, ar cúinsí iad a chinnfidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí **faoina lánrogha aonair.**

Níl oibleagáid ar bith ar RSM Ireland próiseas ceapacháin a chur ar fionraí le linn Athbhreithniú nó Gearán a bhreithniú. Mar sin féin, bíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag súil leis, i gcás gur féidir, go ndéanfaidh RSM Ireland idirghabháil i gcásanna ina n-aimsíonn sí gur dóigh gur tharla earráid.

**<u>Athbhreithniú a Iarraidh de réir Chuid 7</u>**

Féadfaidh iarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh i gcás go mbeidh sé/sí míshásta le gníomh nó cinneadh a rinne RSM Ireland. Déanfaidh RSM Ireland iarrataí ar athbhreithniú a bhreithniú de réir fhorálacha **Chuid 7** den Chód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

**<u>Gearán a Dhéanamh de réir Chuid 8</u>**

Is féidir go gcreidfidh iarrthóir go ndearna RSM Ireland sárú ar an gCód Cleachtais ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, ar sárú é a bhféadfadh gur cuireadh as d'ionracas an chinnidh ar thángthas air sa phróiseas ceapacháin dá bharr. Leis an bpróiseas gearáin, cuirtear ar chumas iarrthóirí gearán a dhéanamh de réir **Chuid 8** le RSM Ireland ar an gcéad dul síos, agus leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc más rud é go bhfuil siad míshásta fós.

De bhun phróiseas gearáin Chuid 8, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí nár cloíodh sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá i gceist leis an gcaighdeán atá leagtha amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí moltaí a dhéanamh chun nach dtarlóidh saincheisteanna den sórt sin arís sa todhchaí. **Ní fhéadfaidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ordú a thabhairt do RSM Ireland cinneadh a rinneadh le linn próiseas ceapacháin a fhreaschur.** Ba cheart d'aon iarrthóir ar mian leis nó léi go ndéanfaí imscrúdú ar an gcinneadh a rinneadh maidir lena (h)iarratas mar chuid de phróiseas roghnúcháin Athbhreithniú a iarraidh de réir Chuid 7, mar atá leagtha amach thuas.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin thuas, féach an *Cód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag <u>www.cpsa.ie</u>**

Níl oibleagáid ar bith ar RSM Ireland próiseas ceapacháin a chur ar fionraí le linn dó iarraidh ar athbhreithniú a bhreithniú. Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin de réir Chuid 7 den Chód Cleachtais seo, nach bhféadfaidh gearánach athbhreithniú breise ar an bpróiseas sin a iarraidh de réir Chuid 8, seachas sna cúinsí is eisceachtúla, ar cúinsí iad a chinnfidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí faoina lánrogha aonair.

**Iarrataí ar Aiseolas/ar Athsheiceálacha Trialach**
Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil ach é a iarraidh. Níl aon chreataí ama sonracha ann le haghaidh aiseolas a sholáthar ná le haghaidh athsheiceálacha a dhéanamh.

Tabhair faoi deara gurb é atá sa Phróiseas Athbhreithnithe atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ná próiseas ar leith lena ngabhann creataí ama sonraithe nach mór cloí leo. Ní gá aiseolas a fháil chun athbhreithniú a ghairm. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula ndéanfaidh sé/sí an sásra athbhreithnithe a agairt. Ní fhéadfar an creat ama atá leagtha amach sa Chód ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a fhadú ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó an toradh ar athsheiceálacha a sholáthar.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**
Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur próiseas iomaíoch é seo le haghaidh ról a bhfuil ionracas ina ghné ríthábhachtach de. Má chomhroinneann tú faisnéis maidir leis an bpróiseas roghnúcháin, e.g., trí na meáin shóisialta nó ar mhodhanna eile, is féidir go ndícháileofar thú ón gcomórtas.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

**Sárú ar an gCód Cleachtais**
Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcoir faoi dhliteanas fíneáil a íoc nó príosúnachta.

Ina theannta sin, más rud é go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina (h)iarrthóir ag próiseas earcaíochta,

- dícháileofar é/í mar iarrthóir agus eisiafar é/í ón bpróiseas;
- má ceapadh é/í chuig post cheana féin tar éis an phróisis earcaíochta, cuirfear as an bpost sin é/í.

**Critéir shonracha iarrthóirí**
Ní mór d'iarrthóirí:

An t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh
A bheith oiriúnach ar fhorais phearsantachta
A bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile dá gceapadh chuig an bpost lena mbaineann; agus, má éiríonn leo, ní cheapfar chun an phoist iad:
Mura n-aontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó faoina bhféadfadh sé bheith riachtanach na dualgais a chomhlíonadh
Mura bhfuil siad inniúil agus ar fáil go hiomlán chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus mura bhfuil siad lánábalta tabhairt fúthu.

**Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar**
Ní bheidh aon éileamh ar a mbreithniú a thuilleadh ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar

agallamh ag an am a éilíonn RSM Ireland nó nach soláthraíonn, nuair a iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise a éilíonn RSM Ireland i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Táthar ag súil leis go soláthróidh iarrthóirí an doiciméadacht iarrtha uile do RSM Ireland laistigh de chúig lá ón iarraidh, lena n-áirítear na foirmeacha uile arna n-eisiúint ag RSM Ireland lena gcomhlánú. Mura ndéantar amhlaidh, measfar gur tharraing an t-iarrthóir é/í féin siar ón gcomórtas agus ní dhéanfar aon bhreithniú eile ar a (h)iarrthóireacht.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)**

Seolann an Coimisiún um Chosaint Sonraí próiseas earcaíochta inniúlachtbhunaithe chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Agus iarratas á dhéanamh acu ar na comórtais sin, iarrtar ar iarratasóirí raon doiciméad a chur isteach, e.g., foirm iarratais, CV agus/nó litir chumhdaigh.

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ag baint leas as na seirbhísí de chuid RSM Ireland. Is mar phróiseálaí sonraí a ghníomhóidh RSM Ireland, agus is mar Rialaitheoir Sonraí a ghníomhóidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

**An Bunús Dlí d'Fhaisnéis Phearsanta a Phróiseáil**

Riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó chun conradh a dhéanamh

Gheobhaidh na daoine seo a leanas d'fhaisnéis phearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| **Faighteoirí/Daoine a gComhroinnfear an Fhaisnéis leo:** | **Cúis:** |
|---|---|
| Gníomhaireacht Earcaíochta darb ainm RSM Ireland/Rannóg Acmhainní Daonna an Choimisiúin um Chosaint Sonraí | Iarratais a fháil, a admháil go bhfuarthas iarratais, agus cumarsáid a dhéanamh le hiarratasóirí. Tá faisnéis áirithe ag teastáil freisin lena háireamh sa chonradh le haghaidh iarratasóirí rathúla. |
| Bord Roghnúcháin | Tá faisnéis ag teastáil le haghaidh gearrliostú agus le haghaidh an phróisis agallaimh. |
| Fostóir Reatha | Seiceálacha saoire breoiteachta agus, i gcás daoine nach seirbhísigh phoiblí iad, seiceálacha teistiméireachtaí. |

**Teidlíochtaí Iarratasóirí**

Aithníonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí go bhfuil teidlíochtaí ag iarratasóirí, agus tá siad sin leagtha amach thíos.

| **Ceart:** | **Míniú:** |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh iarratasóirí rochtain a iarraidh agus a fháil ar a sonraí tráth ar bith, agus féadfaidh siad cóip de na sonraí sin a fháil i bhformáid leictreonach/inaistrithe. |
| Léirscriosadh | Féadfaidh iarratasóirí a iarraidh go léirscriosfaí na sonraí. |

| | |
|---|---|
| Ceartú | Féadfaidh iarratasóirí a shocrú go gceartófaí aon fhaisnéis atá mícheart. |
| Agóid | Féadfaidh iarratasóirí agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo. |

**Gearán**

Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag DPO@dataprotection.ie.